2026/1564

14.7.2026

CINNEADH (Euratom) 2026/1564 ÓN gCOMHAIRLE

an 1 Iúil 2026

lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Comhaontú i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 101, an dara mír, de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le díchoilíniú chríoch Ghiobráltar ('Giobráltar'), liostaítear Giobráltar mar 'Críoch Neamh-Fhéinrialaitheach arna Riar ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann' agus Caibidil XI de Chairt na Náisiún Aontaithe á cur i bhfeidhm.

(2) An 5 Deireadh Fómhair 2021, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú le Ríocht Aontaithe i ndáil le Giobráltar. Ag eascairt as an gcaibidlíocht sin, chomhaontaigh na Páirtithe ar leibhéal na n-idirbheartaithe ar an gComhaontú i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú').

(3) Cumhdaítear faoin gComhaontú ábhair a thagann faoi raon feidhme an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom'), eadhon na forálacha maidir le comhar núicléach sibhialta. Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhphobal') freisin, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh sin.

(4) Ba cheart tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, ag an gCoimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Chomhphobail, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom, a fhormheas.

(5) Ní thugtar le tuiscint leis an gComhaontú, ná le haon ghníomhaíocht a dhéantar ná beart a chuirtear i bhfeidhm nó a dhéantar dá thoradh, go ndéantar aon mhodhnú ar sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne maidir le ceannasacht agus dlínse i ndáil le Giobráltar.

(6) Ós rud é gur de chineál áitiúil iad údaráis Ghiobráltar agus nach bhfeidhmíonn siad ach inniúlachtaí inmheánacha, ba cheart a mheas, mura bhforáiltear a mhalairt go sonrach, go mbeidh na húdaráis sin rannpháirteach i gcur i bhfeidhm an Chomhaontaithe go heisiach faoi chuimsiú inniúlachtaí inmheánacha Ghiobráltar.

(7) Cumhdaítear faoin gComhaontú na hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus na hábhair a thagann faoi raon feidhme Chonradh Euratom. Maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme CFAE, tá sé beartaithe feidhm shealadach a bheith ag an gComhaontú sin ón 15 Iúil 2026. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart feidhm, ar bhonn sealadach, a bheith freisin ag an gcuid sin den Chomhaontú lena gcumhdaítear ábhair a thagann faoi raon feidhme Chonradh Euratom ón dáta céanna.

(8) Tá síniú, cur i bhfeidhm sealadach agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais faoi réir nós imeachta ar leith,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, formheastar go ndéanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Comhaontú i ndáil le Giobráltar idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú'), lena n-áirítear na forálacha maidir le cur i bhfeidhm sealadach, a thabhairt i gcrích, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom'), faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2 den Chinneadh seo ([1]).

Airteagal 2

Sula dtabharfar i gcrích é agus faoi réir na cómhalartachta, síneofar an Comhaontú, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom, agus, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 336(2) den Chomhaontú, agus cuirfear i bhfeidhm ar bhonn sealadach é ón 15 Iúil 2026, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

([1]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/1562, 14.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/1562/oj.